Trí scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thrí scéal dhifriúla. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad atá ar eolas agat faoi na trioblóidí i dTuaisceart Éireann agus Margaret Thatcher?

2. Cad is féidir leis an rialtas a dhéanamh faoi líon na n-othar atá ar thralaithe in ospidéil ar fud na tíre, dar leat?

3. Ar cheart don tír seo an tAontas Eorpach a fhágáil? Cén fáth?

Ceist 2 **A.** Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *period of time/spell*
- *secretary of state*
- *MP (Member of Parliament)*
- *overcrowding*
- *policies*
- *on the cards/in course of preparation*
- *preliminary report*
- *united approach*
- *negotiation*

B. Cad is brí leis na leaganacha cainte Ultacha seo?

de dhíobháil ar agus *a dhath ar bith*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar na trí scéal.

Scéal 1

Scéal 2

Scéal 3

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 Mura bhfuil focal ar eolas agat is féidir leat é a chuardach san fhoclóir. Tá níos mó eolais ná míniú an fhocail le fáil san fhoclóir, áfach.

A. Féach ar an sampla seo agus freagair na ceisteanna:

sráid, *f.* (*gs*. ~e, *pl*. ~eanna). 1. Street.

1. Cad is brí le ***f.***?
2. Cad is brí le ***gs.***?
3. Cad is brí le ***pl.***?
4. Cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal ***sráid*** sna bearnaí thíos.

   an _____
   taobh na _____
   na _____
   taobhanna na _____

B. Féach ar an sampla seo anois agus freagair na ceisteanna:

bád, *m.* (*gs.* & *npl.* báid, *gpl*. ~). Boat.

1. Cad is brí le ***m.***?
2. Cad is brí le ***gs.***?
3. Cad is brí le ***npl.***?
4. Cad is brí le ***gpl.***?
5. Cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal ***bád*** sna bearnaí thíos.

   an _____
   seolta an _____
   na _____
   seolta na m_____

C. Aimsigh na focail atá sa cholún ar chlé san fhoclóir agus cuir an fhoirm cheart de gach focal sna bearnaí cuí sa tábla.

	An tuiseal ainmneach (uatha)	*An tuiseal ginideach (uatha)*	*An tuiseal ainmneach (iolra)*	*An tuiseal ginideach (iolra)*
seal				
státrúnaí				
Feisire				
beartas				
tuairisc				

Ceist 5 '…róphlódú…'

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Scríobhaigí amach na rialacha a bhaineann leis an réimír ***ró-***. Bíodh na focail seo san áireamh agaibh agus sibh ag cumadh na rialacha. Féachaigí ar na samplaí chun cuidiú libh:

fleiscín séimhiú guta consan

Scríobh na rialacha isteach sa bhosca seo:

róthe *agus* ró-óg

Ceist 6 Féach ar na téarmaí polaitiúla seo a úsáidtear sa Ríocht Aontaithe. Cad iad na téarmaí coibhéiseacha atá againn in Éirinn?

- Feisire Parlaiminte
- An Príomh-Aire
- Teach na dTiarnaí
- Teach na dTeachtaí

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc, nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.
A.
- *period of time/spell* – seal
- *secretary of state* – státrúnaí
- *MP (member of parliament)* – Feisire Parlaiminte
- *overcrowding* – róphlódú
- *policies* – beartais
- *on the cards/in course of preparation* – ar na bacáin
- *preliminary report* – réamhthuairisc
- *united approach* – cur chuige aontaithe
- *negotiation* – idirbheartaíocht

B.
de dhíobháil ar – de dhíth ar / ag teastáil ó
a dhath ar bith – faic, dada

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
A. sráid, *f.* (*gs*. ~e, *pl*. ~eanna). 1. Street.

1. ***f.*** – feminine noun (ainmfhocal baininscneach)
2. ***gs.*** – genitive singular (an tuiseal ginideach, uatha)
3. ***pl.*** – plural (iolra an ainmfhocail). Is ionann foirm an ainmfhocail sa tuiseal ainmneach iolra agus sa tuiseal ginideach iolra.
4. an **tsráid**
   taobh na **sráide**
   na **sráideanna**
   taobhanna na **sráideanna**

B. bád, *m.* (*gs. & npl.* báid, *gpl*. ~). Boat.

1. ***m.*** – masculine noun (ainmfhocal firinscneach)
2. ***gs.*** – genitive singular (an tuiseal ginideach, uatha)
3. ***npl.*** – noun plural (iolra an ainmfhocail)
4. ***gpl.*** – genitive plural (an tuiseal ginideach, iolra)
5. an **bád**
   seolta an **bháid**
   na **báid**
   seolta na **mbád**

	An tuiseal ainmneach (uatha)	*An tuiseal ginideach (uatha)*	*An tuiseal ainmneach (iolra)*	*An tuiseal ginideach (iolra)*
seal	an seal	an tseala	na sealanna	na sealanna
státrúnaí	an státrúnaí	an státrúnaí	na státrúnaithe	na státrúnaithe
Feisire	an Feisire	an Fheisire	na Feisirí	na bhFeisirí
beartas	an beartas	an bheartais	na beartais	na mbeartas
tuairisc	an tuairisc	na tuairisce	na tuairiscí	na dtuairiscí

Ceist 5

róthe *agus* ró-óg
✓ Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail a thosaíonn le consan. ✓ Bíonn fleiscín tar éis ‘ró-‘ má thosaíonn an t-ainmfhocal a leanann é le guta.

Ceist 6
Pléigh na téarmaí a bhí ag na foghlaimeoirí.

- Feisire Parlaiminte – *Teachta Dála*
- An Príomh-Aire – *An Taoiseach*
- Teach na dTiarnaí – *An Seanad*
- Teach na dTeachtaí – *An Dáil*

Máire T. Ní Mhadaoin

Scéal 1
Tá Iar-Aire Rialtais de chuid na Breataine, a chaith seal ina Státrúnaí i dTuaisceart Éireann, tar éis bháis. Ochtú is a naoi a bhí an Tiarna Jim Prior. Bhí sé ina Státrúnaí ag Margaret Thatcher ó 1981 go 1984, tráth a raibh an tIRA an-ghníomhach ó Thuaidh agus sa mBreatain[1], tráth ar tharla buama Hyde Park agus Harrods. Ocht mbliana fichead a chaith Jim Prior ina Fheisire Parlaiminte.

Scéal 2
Chosain an tAire Sláinte, Simon Harris, maoiniú an rialtais d'Ospidéal na hOllscoile i Leitir Ceanainn agus dúirt sé go gcreideann sé go maolódh an róphlódú ansin. Dúirt sé go raibh beartais ar na bacáin le go ngiorrófaí ar liostaí feithimh d'obráidí. Dúirt Cumann na nAltraí agus na mBan Cabhrach[2] go raibh fiche is a dó othar san iomlán ag fanacht ar thralaithe ansin inniu, ach bhréagnaigh an tAire é agus dúirt gur deichniúr a tuigeadh dó féin a bhí i gceist. Bhí suas le trí scór duine i mbun agóide le linn don Aire Harris a bheith ag oscailt an Aonaid Eolaíochta, Fola agus Traenála Leighis go hoifigiúil san ospidéal inniu.

Maighréad Nic Pháidín
Scannal iontach atá ann, go háirithe do dhaoine a d'oibir[3] i rith a saoil agus anois a bhfuil cuidiú de dhíobháil orthu … Dhíol siad a gcuid *taxes*, rinne siad a gcuid laethanta oibre, chaith siad a saol ag obair agus nuair atá cuidiú de dhíobháil orthu, níl a dhath ar bith ann. Tá sé scannalach go hiontach.

Scéal 3
D'fhoilsigh an tAire Airgeadais, Michael Noonan, réamhthuarascáil ó Theach na dTiarnaí sa mBreatain a mholann cur chuige aontaithe idir iad agus an tír seo faoin mBreatain a bheith ag fágáil an Aontais Eorpaigh. Ach dúirt an tAire Noonan gur idir an Eoraip agus an Bhreatain a bheidh an idirbheartaíocht ar siúl.

[1] Córas Chonnacht
[2] *Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann* an teideal oifigiúil
[3] *a d'oibrigh* an leagan caighdeánach